Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Meitheamh 2025
(OR. en)

9498/25

LIMITE

CORLX 519
CFSP/PESC 787
CSDP/PSDC 334
EUCAP MALI 8
COAFR 116
CONUN 75
CSC 256

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh 2014/219/CBES maidir le Misean CBSC an Aontais Eorpaigh i Mailí (EUCAP Sahel Mali) |

**CINNEADH (CBES) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh 2014/219/CBES
maidir le Misean CBSC an Aontais Eorpaigh i Mailí
(EUCAP Sahel Mali)**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 42(4) agus Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 15 Aibreán 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/219/CBES[1] maidir le Misean CBSC an Aontais Eorpaigh i Mailí (EUCAP Sahel Mali).

(2) An 13 Bealtaine 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2019/762[2], lenar bunaíodh, *inter alia*, Aonad Réigiúnach um Chomhairle agus Comhordú (RACC) laistigh de EUCAP Sahel Mali, a bhfuil cuspóirí sonracha aige atá nasctha le struchtúir agus tíortha G5 na Saiheile. Is le hAirteagal 14a de Chinneadh 2014/219/CBES a eagraítear RACC.

(3) An 27 Eanáir 2025, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2025/166[3], lenar cuireadh síneadh le EUCAP Sahel Mali go dtí an 31 Eanáir 2027, cé is moite de RACC, ar cuireadh síneadh leis go dtí an 31 Iúil 2025.

(4) An 29 Aibreán 2025, chomhaontaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála síneadh breise a chur le RACC go dtí an 31 Eanáir 2026.

(5) Ba cheart Cinneadh 2014/219/CBES a leasú dá réir sin.

---

[1] Cinneadh 2014/219/CBES ón gComhairle an 15 Aibreán 2014 maidir le Misean CBSC an Aontais Eorpaigh i Mailí (EUCAP Sahel Mali) (IO L 113, 16.4.2014, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2014/219/oj).

[2] Cinneadh (CBES) 2019/762 ón gComhairle an 13 Bealtaine 2019 lena leasaítear Cinneadh 2014/219/CBES maidir le Misean CBSC an Aontais Eorpaigh i Mailí (EUCAP Sahel Mali) (IO L 125, 14.5.2019, lch. 18, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/762/oj).

[3] Cinneadh (CBES) 2025/166 ón gComhairle an 27 Eanáir 2025 lena leasaítear Cinneadh 2014/219/CBES maidir le Misean CBSC an Aontais Eorpaigh i Mailí (EUCAP Sahel Mali) (IO L, 2025/166, 28.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/166/oj).



PUBLIC

(6) Cuirfear EUCAP Sahel Mali i gcrích i gcomhthéacs staid a d'fhéadfadh dul i ndonas agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach iad in Airteagal 21 den Chonradh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

I gCinneadh 2014/219/CBES, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt d'Airteagal 18:

'Beidh feidhm aige go dtí an 31 Eanáir 2027, cé is moite d'Airteagal 14a, a mbeidh feidhm aige go dtí an 31 Eanáir 2026.'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC